

## Gaoth Bearra na dTonn (Dónal Mac Diarmada)

I

Tá gealach na gconnlach ag éirigh sa spéir  
‘S grian bhuí an fhómhair ag tomadh sa mhuij.  
Tá na beach’óga ‘drandán faoin tsean-duilliúr donn.  
Fá Gaoth Bearra na gCoillte, s’ Gaoth Bearra na dTonn.

II

Tá na ba óga ‘geimní ‘nuas malaith Chró Laoigh,  
Sna caoirigh ag meidhlí le druideadh na hoích’,  
Tá gealgháir na srutháin fán screagach anonn.  
Gaoth Bearra na gCoillte, s’ Gaoth Bearra na dTonn.

III

Ins an srúth-uisce ceolmhar tá an brádan ag scéith  
‘S thart fá na himill tá an laoigh óg a’ breith.  
Tig na héanlaith na scaoth ann; an truvideog `s an lon,  
mar tá dídean gan doichealt fá Gaoth Bearra na dTonn.

IV

Taobh thoir tá Sliabh Sneachta ag nochtú a cinn.  
Mar cheannphort na tíre, ar thaoiseach na bhFiann.  
S’ fallaing gheal airgid thart timpeall a broinn.  
Ag dealramh anuas ar Gaoth Bearra na dTonn.

Le tacaíocht ó

## V

Cha ndéanfainnse margadh le tiarna Mhuigheó.  
Da dtabharfadhb sé caisleán ar mhalairt mo chró.  
Bfhearr liomsa mo dhileacht gan dídean gan bonn.  
Measc Gaoth Bearra na gCoillte, s' Gaoth Bearra na dTonn.

## VI

A ghleanntan bheag dhílis, mo ghrá thú go deo.  
Sean áras na Naomh ins na laetha fadó.  
Áit chónai mo dhaoine, raibh rath ar a gcloinn.  
Gaoth Bearra na gCoillte, s' Gaoth Bearra na dTonn.

## VII

Dá maireadh na daoine mar a mhaireas na sléibh,  
Ba shuailce mo chuairtse ar Ghaoth Bearra na gCraobh.  
Ach d'imigh ár sinsir a bhí dáimhiúil as broinn.  
Tá an óig' mar bheadh an aois fá Ghaoth Bearra na dTonn.

## VIII

Sé guímse Pádraig agus Naomh Conall Caol.  
Nach n-iarrfainnse Flaitheas i ndeireadh mo shaoil.  
Ach m'anam 'bheith 'seoladh fán sean-draigheán donn.  
Tá fás fá do chladaí, a Ghaoth Bearra na dTonn.

Daire Ó Baoill a rinne an cheardlann seo.

Le tacaíocht ó